**EUAA/MB/2024/109**

**Cinneadh Uimh. 165 ón mBord Bainistíochta an 14 Bealtaine 2024**

**maidir leis an gclár ilbhliantúil don tréimhse 2026-2030 agus leis an gcéim phíolótach roimhe sin chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn**

**TÁ AN BORD BAINISTÍOCHTA,**

AG FÉACHAINT do Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann[1] ( 'Rialachán EUAA' anseo feasta), agus go háirithe Airteagail 15(1) agus 41(1)(y) de,

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

1) Foráiltear le hAirteagal 15(1) de Rialachán EUAA go bhfuil an Bord Bainistíochta, ar bhonn togra ón Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus i gcomhairle leis an gCoimisiún, le clár a ghlacadh chun críocha an tsásra faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán EUAA (dá ngairtear 'clár faireacháin ilbhliantúil' anseo feasta), lena gcumhdaítear cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn ('CET') i ngach Ballstát, agus gnéithe téamacha nó sonracha de CET maidir leis na Ballstáit uile.

2) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA, léireofar sa chlár faireacháin ilbhliantúil cad iad na Ballstáit a bhfuil faireachán le déanamh ar a gcórais tearmainn agus ghlactha in aon bhliain ar leith, ar choinníoll go ndéanfar faireachán ar gach Ballstát uair amháin ar a laghad gach tréimhse 5 bliana (dá ngairtear 'timthriall faireacháin' anseo feasta).

3) I gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán EUAA, chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an gclár faireacháin ilbhliantúil trí mhalartuithe déthaobhacha agus i scríbhinn.

4) Chuir an Grúpa Comhairleach Faireacháin a bunaíodh ar an 22 Feabhra 2023, ina raibh na Ballstáit, an Coimisiún agus UNHCR mar bhreathnóir faoi chomhordú EUAA, saineolas teicniúil ar fáil maidir le hullmhú na modheolaíochta comhchoitinne don sásra faireacháin[2] trí phlé fairsing i scríbhinn ar tháirgí insoláthartha agus le linn na seacht gcruinniú a eagraíodh idir mí Aibreáin 2023 agus mí Feabhra 2024.

[1] Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010, (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).
[2] Arna bhunú le Cinneadh Uimh. 161 ón mBord Bainistíochta an 13 Márta 2024 lena mbunaítear modheolaíocht chomhchoiteann le haghaidh an tsásra faireacháin maidir le cur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (dá ngairtear 'Cinneadh BB Uimh. 161' anseo feasta).

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
www.euaa.europa.eu
Teil.: +356 2248 7500
info@euaa.europa.eu
Winemakers Wharf
Vaileite, MRS 1917, MÁLTA

5) Thionóil an Bord Bainistíochta cruinniú téamach maidir le faireachán ar an 29 Feabhra 2024 agus rinne sé tuilleadh plé ar impleachtaí an Chomhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann ar an gclár faireacháin le linn an chruinnithe iomlánaigh a bhí aige ar an 13 Márta 2024. I bhfianaise na n-ullmhúchán is gá chun oiriúnú do na hathruithe ar CET a tugadh isteach le hionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe Nua réamhluaite agus cúraimí cur chun feidhme gaolmhara na mBallstát, chomhaontaigh an Bord Bainistíochta tús a chur leis an gcéad timthriall faireacháin sa dara leath de 2026 agus cleachtaí faireacháin a dhéanamh in dhá Bhallstát i gcéim phíolótach roimhe sin.

6) Leagtar síos i gCuid 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh MB Uimh. 161 na critéir maidir leis an gclár faireacháin ilbhliantúil ina nglacann an Bord Bainistíochta an clár faireacháin ilbhliantúil le haghaidh gach timthrialla faireacháin ina leagtar amach sceideal sealadach na mBallstát a bhfuil faireachán le déanamh orthu faoi phointe (a) d'Airteagal 15(1) de Rialachán EUAA (dá ngairtear 'faireachán tíre' anseo feasta) i ngach timthriall faireacháin, agus líon sealadach na gcleachtaí faireacháin maidir le cur chun feidhme ghnéithe téamacha nó sonracha CET ar fud na mBallstát uile, a mhéid is féidir iad sin a thuar le haghaidh fad timthrialla faireacháin.

7) De bhun Airteagal 41(1)(y) de Rialachán EUAA, tá an Bord Bainistíochta leis an gclár ilbhliantúil a ghlacadh chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán EUAA.

8) Chuir an Ísiltír agus an Eastóin in iúl go deonach gur spéis leo a bheith ar an dá Bhallstát atá rannpháirteach sa chéim phíolótach roimhe sin dá dtagraítear in aithris (5),

**TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:**

**Airteagal 1**
**Clár faireacháin ilbhliantúil**

Glactar leis seo an clár faireacháin ilbhliantúil le haghaidh an timthrialla faireacháin lena gcumhdaítear an tréimhse 2026-2030 agus an chéim phíolótach roimhe sin, mar atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

**Airteagal 2**
**Faireachán tíre**

1. Cinnfear na Ballstáit a mbeidh faireachán le déanamh orthu le linn gach bliana den timthriall faireacháin le hordú Uachtaránacht an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Cinneadh 2016/1316[3] ón gComhairle i gcomhréir leis an gcéad mhír d'fhochuid 11.1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh MB Uimh. 161.

[3] Cinneadh (AE) 2016/1316 ón gComhairle an 26 Iúil 2016 lena leasaítear Cinneadh 2009/908/AE, lena leagtar síos bearta chun Cinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle, agus maidir le cathaoirleacht comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle a chur chun feidhme.

2. Saineofar ord beacht agus amlíne na gcleachtaí faireacháin tíre in aon bhliain ar leith sa chlár faireacháin bliantúil a bheidh le glacadh ag an mBord Bainistíochta faoin 30 Meitheamh den bhliain roimhe sin i gcomhréir leis an gcúigiú mír de chuid 11 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh MB Uimh. 161.

**Airteagal 3**
**Faireachán téamach**

Le linn an timthrialla faireacháin don tréimhse 2026-2030, déanfaidh an Ghníomhaireacht cleachtadh faireacháin téamach amháin ar a laghad. Dearbhófar líon beacht agus topaicí na gcleachtaí faireacháin téamacha, chomh maith leis an amlíne shealadach, sna cláir faireacháin bhliantúla dá dtagraítear in Airteagal 2(2).

**Airteagal 4**
**Cleachtaí píolótacha**

1. Déanfar cleachtaí píolótacha, ar bhonn eisceachtúil, in 2025, is í sin an bhliain roimh thús an timthrialla faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 1, agus measfar iad a bheith ina gcuid lárnach den chéad timthriall faireacháin agus, dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar acu ar chlár ilbhliantúil 2026-2030.

2. Cuirfear tús leis na hullmhúcháin do na cleachtaí píolótacha in 2024.

**Airteagal 5**
**Trédhearcacht**

Cuirfear an Cinneadh seo ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

**Airteagal 6**
**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn

Thar ceann an Bhoird Bainistíochta

Evelina Gudzinskaitė
Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

**Iarscríbhinn:** Clár faireacháin ilbhliantúil: an tréimhse 2026-2030 agus an chéim phíolótach roimhe sin.

**Iarscríbhinn**

**Clár faireacháin ilbhliantúil: an tréimhse 2026-2030 agus an chéim phíolótach roimhe sin**

Is iad seo a leanas na Ballstáit a mbeidh faireachán le déanamh orthu gach bliain den chéad timthriall faireacháin.

| 2025[4] | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ísiltír | *Athbhreithniú ar an modheolaíocht*[5] | An Ostair | An Phortaingéil | An Spáinn | An Liotuáin |
| | | An Rómáin | An tSlóivéin | An Bheilg | An Ghréig |
| An Eastóin | An tSlóvaic | An Fhionlainn | An Fhrainc | An Ungáir | An Iodáil |
| | Málta | An Chróit | Poblacht na Seice | An Pholainn | An Laitvia |
| | An Bhulgáir | An Ghearmáin | An tSualainn | An Chipir | Lucsamburg |
| | | | | Éire | |

[4] Cleachtaí píolótacha atá le déanamh faoi Airteagal 4 den Chinneadh seo.
[5] De bhun Airteagal 4 de Chinneadh BB Uimh. 161.